

# Seirbhísí do Scoileanna

## Ar fáil i rith an Téarma Scoile

I measc na seirbhísí leabharlainne atá ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna tá:

- Cuirteanna ranga ar an leabharlann
- Cárta múinteora do mhúinteoirí chun earraí a fháil ar iasacht dá ranganna
- Bailiúcháin úrscéil agus club leabhair don rang
- Cur i láthair sa seomra ranga ar sheirbhísí leabharlainne
- Ábhair thacaíochta léitheoireachta agus curaclaim
- Acmhainní foghlama ar líne
- Spásanna léitheoireachta agus staidéir i leabharlanna áitiúla
- Tacaíocht tagartha agus taighde d'obair thionscadail na scoláirí
- Acmhainní do thuismitheoirí chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta na leanaí a neartú
- Acmhainní staire áitiúla
- Cláir agus gníomhaíochtaí seirbhíse leabharlainne i rith na bliana



An Ceart chun Léitheoireachta  
ag do Leabharlann

# Seirbhísí Léitheoireachta do Leanáí



Tá na gníomhaíochtaí uile maidir le  
ballraíocht a ghlacadh sa Leabharlann agus  
Ceart chun Léimh **saor in aisce**.



An Ceart chun Léitheoireachta  
ag do Leabharlann

Tá tuilleadh faisnéise faoin gclár Ceart chun Léimh  
ar fáil ó do leabharlann áitiúil agus ag

[www.librariesireland.ie](http://www.librariesireland.ie)

25  
BLIANA  
YEARS

Comhairle Contae  
Fine Gall  
Fingal County  
Council



## Seirbhísí i do Leabharlann Áitiúil do Leanaí, do Theaghlaigh agus do Scoileanna

### Acmhainní agus Áiseanna Forbartha Léitheoireachta

- Raon leathan de bhailiúcháin eabhar do leanaí agus d'aoisigh óga
- Acmhainní ar líne, ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, ríomhírisí, ríomhnuachtáin
- Spás léitheoireachta agus staidéir tiomanta
- Liostaí leabhair molta agus treoracha tacaíochta léitheoireachta
- Ríomhairí, rochtain ar an idirlíon, áiseanna priontála agus fótachóipeála



### Imeachtaí

- Imeachtaí agus gníomhaíochtaí rialta maidir le forbairt léitheoireachta. Cláir forbartha litearthachta agus léitheoireachta i ngach séasúr i rith na bliana


### Tacaíocht Foirne Leabharlainne

- Comhairle agus tacaíocht maidir le do léitheoireacht a fheabhsú, leabhair a roghnú agus nósanna léitheoireachta rialta a fhorbairt

## Gníomhaíochtaí Léitheoireachta Bliantúla do Leanaí ag Do Leabharlann

### Preab Isteach sa Scéal

#### Aibreán



Bíonn **Preab Isteach sa Scéal** ar siúl le linn mí Aibreáin gach bliain. Cuireann leabharlanna poiblí ar fud na tíre seisiúin ama scéalta do leanaí ar fáil agus tugtar cuireadh do leanaí, dá dtuismitheoirí, dá gcúramóirí agus do bhaill eile den teaghlach páirt a ghlacadh ann agus taitneamh a bhaint as an lúcháir a thagann as scéalta spreagúla! Tá gach imeacht saor in aisce.

## Réaltaí Samhraidh

### Lár mhí Mheithimh - Deireadh mhí Lúnasa

Bíonn Eachtraíocht Léitheoireachta na **Réaltaí Samhraidh** ar siúl gach samhradh i ngach leabharlann poiblí agus tá sé saor in aisce do gach leanbh ar fud na tíre. Spreagtar leanaí taitneamh a bhaint as leabhair a léamh mar chuid den eachtraíocht agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spráíúla. Tugtar Cárta Léitheoireachta 'Réaltaí Samhraidh' do gach leanbh chun an dul chun cinn atá déanta aige/aici a thaifeadadh agus a rianú. Tá duaiseanna agus dreasachtaí ann ar an mbealach agus deimhniú gnóthachtála do gach duine a ghlacann páirt inti.



## Féile Leabhar na Leanaí

### Deireadh Fómhair

Is ceiliúradh bliantúil de leabhair agus léitheoireacht do pháistí is ea **Féile Leabhar na Leanaí**. I rith mhí Dheireadh Fómhair, reáchtáiltear imeachtaí i leabharlanna poiblí ar fud na tíre, ag tabhairt deis do leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spraoi, buailleadh le húdair, le léiritheoirí agus le scéalaithe. Imeachtaí spreagúil do scoileanna agus do theaghlaigh – ar nós cuairteanna údair, ceardlanna scéil agus léiriúcháin.

## Am Teaghlaigh i do Leabharlann

### Nollaig

Le 'Am Teaghlaigh i Do Leabharlann' cuirtear imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar fáil saor in aisce do theaghlaigh i ngach leabharlann i rith mhí na Nollag. Spreagfaimid don teaghlach uile cuairt a thabhairt ar an leabharlann agus páirt a ghlacadh sna himeachtaí spraoi agus scéalta a roinnt.

Is féidir le teaghlaigh rochtain a fháil freisin ar bhailiúcháin mhóra de leabhair leanaí, ríomhleabhair, agus ríomh-chlosleabhair.

